AN SIOPA DUBH PLEAN CEANTAR FEIDHME

1.0 COMHTHÉACS

1.1 Suíomh

Sráidbhaile an-bheag ar an gcósta is ea An Siopa Dubh (Cuan an Chaisleáin), é soir ó Chathair Dónall agus siar ó dheas ón tSnaidhm. Tá sé suite ar an N70 is é ar thuras turasóireachta An Mhór-Chuaird.



Fíor 1: Láthair lonnaíocht An Siopa Dubh

1.2 Daonra

Níl figiúirí daonra ar fáil do shráidbhaile An Siopa Dubh féin. Tá sé laistigh de Thoghcheantar An Siopa Dubh. Idir 2006 agus 2011 thainig méadú ar dhaonra an Toghcheantair ó 293 go 319 (sin méadú 8.9%).

1.3 Féidhm & Áiseanna

Sa tsráidbhaile féin tá oifig an phoist, tigh tábhairne, siopa/caidéil pheitril, Séipéal agus café/siopa surfála. Tá forbairt chónaithe darb ainm Lúb na hAbhann ag an bpointe is sia thoir. Tá ionad taispeántais An Stéig, mar a bhfuil tábhairne agus café freisin, siar ón lonnaíocht ar an mbóthar isteach chuig An Stéig. Siar ón sráidbhaile chomh maith tá láthair amháin champála.

Tá stráice beag conláistí idir an droichead agus an N70, in aice le habhainn An Stéig. Tá deis anso stráicí eile dá leithéid a lonnú in aice na habhann is ar na bruacha. Bheadh droichead coisithe an-oiriúnach chun ceangal a bhunú idir dhá bhruach na habhann is ar son sábháilteachta do choisithe ag dul tríd an mbaile. Agus droichid nó slite siúlóide á dtógáil caithfear cuimhneamh nach féidir gnéithe bradacha/ón dtaobh amuigh a thabhairt isteach ná a leathnú agus nach féidir cur le haon bhaol tuilte sa cheantar.

Fíor 2: An radharc aniar ar an Siopa Dubh fan N70

1.4 Bonneagar

Níl aon fhearas cóireála fuíolluisce sa tsráidbhaile ná níl sé i gceist a leithéid a thabhairt isteach go ceann téimhse an phlean. Dabhca múnlaigh agus aonaid chóireála fuíolluisce aonair a fhreastalaíonn ar thithe cónaithe sa cheantar. Bac é seo ar ndóigh ar fhorbairt sa tsráidbhaile amach anseo. Tá príomhphíopaí uisce poiblí ann don bhaile.

1.5 Struchtúr Uirbeach

Lonnaíocht tuaithe an-dheas ach scaipthe is ea an sráidbhaile is é an–ghar don chósta. Don chuid is mó is tithe cónaithe aonair scoite óna chéile atá ann agus líon beag áitreabh tráchtála. Cruthaíodh dreach sráide nua sa chuid thoir den sráidbhaile nuair a tógadh forbairt darb ainm Lúb na hAbhann nach bhfuil fós críochnaithe áfach. Níl aon teorainn chinnte thart ar lár an bhaile ach dá gcuirfí dreacha nua sráide don úsáid mheasctha sa tsráidbhaile bheadh feabhas ar an ndeighilt idir an ceantar tuaithe agus an sráidbhaile. Tá carr-chlós brea mór in aice an tSéipéil ach is beag úsáid a bhaintear as seo seachas do sheirbhísí eaglasta.

1.6 Oidhreacht Altireachta & Seandalaíocht
Níl aon struchtúr cosanta ná séadchomhartha taifeadta laistigh den lonnaíocht seo.

1.7 Timpeallacht nádúrtha agus Conláistí

Tá timpeallacht nádúrtha ardchaighdeáin thart ar an sráidbhaile mar a bhfuil an-chuid conláisti nádúrtha is iad fós gan aon tionchar orthu ag fhorbairtí móra. Beidh dúshlán romhainn aon fhorbairt oiriúnach a chur i gcrích gan díobháil a dhéanamh do cháilíochtaí timpeallachta agus tírdhreach.

Tá Limistéar iarrtha Speisialta Caomhnaithe ó dheas ó cheantar an phlean (cSAC 002158 An Ribhéar). Gné cosanta is ea an Dobharchú sa tsuíomh seo Natura 2000 agus an cuma air go ngluaiseann siad ón SAC thar an sráidbhaile trí abhainn An Stéig. Caithfear aon fhorbairt mholta, droichead san áireamh, a dhearadh is a oibriú chun nach gcuirfear isteach ar an líon Dobharchon sa cheantar. Tá an sráidbhaile suite ar inbhear Abhainn An Stéig a shnoíonn ó na sléibhte thuaidh tríd. Tá deis anso deis anso stráicí conláistí a lonnú in aice na habhann. I meas na dtránna atá flúirseach go leor sa dúthaigh is é Trá an Chuain an ceann is gaire (féach Fíor 3).

Tá roinnt gnéithe bradaigh go fluirseach sa tsráidbhaile is orthusan go príomha tá an Ghlúineach Bhiorach. Toisc nach plandaí dúchasacha iad siúd cuireann siad isteach ar an mbithéagsúlacht. Ní bhíonn aon chuma nádúrtha orthu is iad ag leathnú go tiubh ar thaobh an bhóthair, ar thalamh gan saothrú is ar uiscebhealaigh. Scaipeann siad go tapaidh ná níl sé éasca iad a mharú agus iad bunaithe. Tá sé ríthábhachtach dá bhrí sin gan ithir mar a mbíonn riosóim ón nGlúineach Bhiorach, scoithigh tar éis fál a ghearradh nó slisíní eile a bhogadh ó áit go háit. Toisc na plandaí úd a bheith ag fás go tiubh sa lonnaíocht caithfidh aon mholadh forbraíochta, más cuí, scéim oiriúnach chun fáil réidh leo/iad a smachtú a sheoladh isteach lena cheadú roimh ré ag an Údarás Pleanála. Caithfidh forbróirí ceann a thógaint de dhoiciméid threoraigh an NPWS maidir leis an gceist úd.

Fíor 3: Trá an Chuain

1.8 Trácht idir Fheithclí agus Coisithe
Toisc é a bheith suite ar an Mór-Chuaird bíonn an sráidbhaile gnóthach go leor ó thaobh tráchta de le linn biaiste na dturasóirí. Níl aon chosáin áfach is tá géarghá leo ar son gluaiseacht coisithe go háirithe gar don droichead. Tá dóthain spás pairceála ann mar tá dhá charr-chlós i lár an bhaile, ceann amháin in aice an tseipéil is an ceann eile os comhair an tábhairne ar a dtugtar The Black Shop Bar.

1.9 Fostaíocht
Níl puinn fostaíochta sa lonnaíocht agus don chuid is mó sa cheantar seo is ag obair sna seirbhísí nó i mbun na turasóireachta a bhíonn muintir na háite.

1.10 Forbairt Áitreabh Cónaithe
Ar an mórgóir is áitribh atá scaipthe óna cheile atá ar an mbaile agus iad amuigh faoin dtuath a chónaíonn formhór an daonra áitiúla anso timpeall.

Ceadaíodh forbairt mhór mar a mbeadh 43 thigh ar shuíomh sa Scairt atá suite trasna an bóthar ón stáisiún peitril sa tsráidbhaile. Go dtí seo táthar ag obair ar 10 n-aonad is gan ach ceithre chinn críochnaithe is daoine ag maireachtaint iontu. An fás teoranta beartaithe don lonnaíocht seo á chur san áireamh, ní ainmneofar aon tailte forbraíochta don úsáid mholta chónaithe ar An Siopa Dubh go ceann tréimhse an phlean.

2.0 STRAITÉIS

- Sráidbhaile deas taitneamhach ar an gcósta is ea An Siopa Dubh is saibhreas nádúrtha go leor ann. I gcás forbraíochta amach anseo caithfear cumhneamh ar an dtimpeallacht nádúrtha agus ar fhorbairtí a bheith de réir scála na lonnaíochta mar atá faoi láthair.

- Tá teorainn le haon fhorbairt mholta don sráidbhaile mar gheall ar shaibhreas is ar leochaileacht na timpeallachta nadúrtha agus toisc nach bhfuil sé ar intinn sa ghearrthéarma aon fhearas cóireála a chur isteach ar an mbaile. Cuimhníodh freisin ar an bhforbairt do thithe cónaithe a ceadaíodh le déanaí.

- Ba chóir aon fhorbairt nua cónaithe nó úsáid mheasctha a chruthú mar dhreacha sráide taitneamhacha mar a léirítear. Ach é sin a dhéanamh chuirfí feabhas ar an ndeighilt idir an ceantar tuaithe agus an sráidbhaile agus ar na bóithre isteach ar an mbaile. Tá deiseanna a leithéid a chur i gcrích ar cheithre láthair éagsúla i gceantar an phlean.

- Faoi láthair sa lonnaíocht níl ach tithe aonair scaipthe óna chéile agus réimse bunúsach seirbhísí; níor tharla aon fhorbairt ar na bruacha go dtí seo. Caithfidh a leithéid d'fhorbairt cur le carachtar an tsráidbhaile má tharlaíonn sí.

- Ba chóir ceantar na habhann agus na gcoillte a chosaint ó aon fhorbairt mhí-oiriúnach. Is mar úsáid do chonláistí amháin a ainmníodh na tailte forbraíochta

thart ar an abhainn. Níl ceantair mhóra coillte laistigh den teorainn forbraíochta in aon chor.

- Níor chóir d'aon fhorbairt mholta ligint do gnéithe bradaigh ón dtaobh amuigh mar an Ghlúineach Bhiorach a bhunú ná a leathnú.

3.0 MÓRCHUSPÓIRÍ

Cuspóir Uimh.	**Mórchuspóirí** **Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:**
OO-1	A chinntiú go gcoimeádtar leagan amach nádúrtha an tsráidbhaile ar ardchaighdeán is go gcosnaítear in aghaidh aon fhorbairt mhí-oiriúnach trína chinntiú go mbíonn aon struchtúr nua uirbeach de réir scála, toirt agus gnéithe deartha a bhfuil faoi láthair ann is go luíonn sé isteach go nádúrtha leis an dtírdhreach.
OO-2	Bóithre deasa isteach ar an mbaile a chur chun cinn agus a chinntiú go mbíonn aon fhorbairt nua ar ardchaighdeán ailtireachta agus go gcuireann a leithéid leis an bhfearann poiblí.

4.0 CUSPÓIRÍ CINNTE

Cuspóir Uimh.	**Trácht idir Fheithclí agus Coisithe** **Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:**
T-1	Pointí nua rochtana a áirithint chun doimhinfhorbairt eagraithe a éascú mar a léirítear ar an Léarscáil Zónála.
T-2	Soláthar/feabhsú cosán trín mbaile a lorg go díreach mar a léirítear ar an Learscáil Zónála.
T-3	Rochtain coisisthe a éascú/fheabhsú ar dhá thaobh an Droichid atá os cionn Abhainn An Stéig.
T-4	Soláthar droichead coisithe a lorg mar a léirítear chun go mbeidh teacht ag coisithe ar na limistéir chonláistí ar dhá bhruach na habhann.

Cuspóir Uimh.	**Suíomh Deise:** **Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:**
OS-1	An suíomh lárnach atá ar an sráidbhaile a athfhorbairt mar láthair don úsáid mheasctha faoi réir torthaí a leanfadh Measúnú Tionchar Tuilte.

Suíomh Deise
Lár na tSráidbhaile

Aidhm: An suíomh seo a athfhorbairt agus a fheabhsú ar bhonn inmharthana ina dhreach sráide nua uirbeach don úsáid mheasctha mar a mbeidh idir áitribh chónaithe agus gnóthaí

Láthair an tSuímh agus Cur Síos
Ar an suíomh úd atá díreach in aice leis An Siopa Dubh tá struchtúir ghnó tréigthe gar don droichead is don abhainn. Níl dreach ró-mhaith air faoi láthair, go háirithe an radharc ón mbóthar nuair a chítear scata áitreabh gnó ina theannta nach bhfuil ar ardchaighdeán.

Mianach Forbraíochta
Tá deis athnuachana ar shuíomh atá lárnach sa lonnaíocht. Bheadh úsáid mheasctha i gceist idir áitribh chónaithe, aonaid bheaga tráchtála agus gnóthaí turasóireachta mar a chífeá in aon lonnaíocht bheag mar atá anso.

Riachtanais Ghinearálta
Chun a chinntiú go n-éireoidh le haon fhorbairt mholta is go luífidh sí isteach go héasca leis an ndreach sráide atá thart air, caithfidh an dearadh is an leagan amach a bheith ar ardchaighdeán agus indíolta lasmuigh den cheantar ó thaobh taitneamhacht an radhairc de. Tá sé ríthábhachtach go gcaithfidh coisithe a bheith in ann gluaiseacht gan stró trín bhforbairt seo agus chuig na limistéir chonláistí atá in aice láimhe cois abhann.